Docusign Envelope ID: 41141784-549A-4945-BF8C-E23576025FCA

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú an 31 Deireadh Fómhair 2025

Óstán an Europa, Oireachtas na Samhna, Béal Feirste.

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Leithscéal ó Mhuireann Ní Chíobháin, Mairéad Ní Nuadháin agus Siobhán Ní Ghadhra. Bhí na comhaltaí boird eile ar fad i láthair.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú maidir le Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa le tabhairt ar aird acu seachas an méid a tugadh le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí mhí Mheán Fómhair.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Níor éirigh aon ghnó eile as na miontuairiscí nach raibh ar an chlár.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

**5.1 An Rialtas, An Roinn & Coimisiún na Meán**

5.1.2 *An Rialtas:* Dúradh go raibh TG4 an-sásta leis an ardú a fógraíodh sa cháinaisnéis do 2026. €65.4m an buiséad a bheidh ag TG4 in 2026, ardú 9% ar bhuiséad 2025, chun díriú ar thús a chur le seirbhís nuachta dhigiteach agus ar chláracha do dhaoine óga. Dúradh go mbeadh roinnt airgead caipitil agus reatha i gceist sa mhéadú.

Dúradh go raibh cruinniú socair sa Roinn an 5 Samhain faoi Thuarascáil Choimisiún um Thodhchaí na Meán agus go bhfuil ionadaithe ó na meáin chun na moltaí atá i dTuarascáil Choimisiún na Meán a phlé.

Docusign Envelope ID: 41141784-549A-4945-BF8C-E23576025FCA

5.1.2 *Coimisiún na Meán*: Luaigh an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinnithe rialta ann le Coimisiún na Meán ó mhí Mheán Fómhair. Dúradh go raibh spriocdhátaí nua socraithe do na ASPCanna do 2026 agus do ARPPF 2025. Míníodh go raibh na tuairiscí ar an Athbhreithniú 5 Bliana agus ar an Athbhreithniú ar Fheidhmíocht TG4 2024 ag an Aire le ceadú go fóill.

Pléadh ceist na nuachta le Andrew Byrne agus lena oifigigh, agus mhol siad go leanfaí leis na cainteanna le RTÉ chun go dtiocfadh an dá eagraíocht ar réiteach réalaíoch faoin méid is féidir a bhaint amach.

5.1.3 *Nuacht agus 7.1*: Míníodh go raibh cruinniú le bainistíocht RTÉ i TG4 an 15 Deireadh Fómhair. Cuireadh roinnt moltaí chun cinn faoin gcaoi a bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir an dá sheirbhís ar RTÉ agus ar TG4, ach ní bhainfí neamhspleáchas eagarthóireachta amach leo seo amháin. Iarradh amlíne a leagan síos don neamhspleáchas eagarthóireachta.

Tugadh le fios gur scríobh an Cathaoirleach agus an tArd-Stiúrthóir chuig Príomh-Stiúrthóir agus Cathaoirleach RTÉ ag lorg cruinniú faoi cheist na Nuachta.

D’iarr an Coimisinéir Craolacháin agus Físeáin ar Éileamh cruinniú leis an Ard-Stiúrthóir an 4 Samhain chun an cheist a phlé agus dúradh go mbeadh an Coimisinéir ag bualadh le Príomh-Stiúrthóir RTÉ freisin.

*5.1.4* *Cruinnithe eile*: Déanadh tagairt do chruinniú a bhí ag an Ard-Stiúrthóir agus ag an Chathaoirleach le Príomhfheidhmeannach SPI, Cathaoirleach SPI agus Cathaoirleach Choiste na Gaeilge in SPI an 13 Deireadh Fómhair. Pléadh roinnt de na dúshláin atá ag an earnáil agus tugadh eolas faoi na treoirlínte atá ag SPI don treoir chóipchirt.

D'fhreastail an tArd-Stiúrthóir, an Cathaoirleach agus baill foirne TG4 ar chomhdháil Údarás na Gaeltachta faoi úsáid AI i gcúrsaí léiriúcháin leis an earnáil in oifigí Údarás na Gaeltachta an 10 Deireadh Fómhair.
Dúradh freisin gur cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta an moladh comhpháirtíochta idir TG4 agus Údarás na Gaeltachta d’fhorbairt oiliúna san earnáil. Dúradh go gcasfadh an tArd-Stiúrthóir le Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta an 6 Samhain chun é a phlé

Docusign Envelope ID: 41141784-549A-4945-BF8C-E23576025FCA

agus go bhfógrófaí é go luath ina dhiaidh sin. Dúradh go mbeadh an post Bainisteoir Forbartha Oiliúna le fógairt ansin chun tabhairt faoin obair.

**5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht**

5.2.1 *Fís Éireann:* Déanadh tagairt do chruinniú le Fís Éireann ag deireadh Mheán Fómhair chun na scéimeanna scannán agus drámaíochta teilifíse atá ag TG4 leo a phlé. Dúradh go mbeifí ag leanúint le scéim Cine4 agus go mbeadh dhá shraith dhrámaíochta in aghaidh na bliana á bhforbairt mar aon le scéimeanna Tús agus Céim Eile. Luadh go raibh an chéad dá scannán eile faoi bhabhta CINE4 roghnaithe.

5.2.2 *Creative Europe*: Míníodh go raibh babhta oscailte do na meáin ag Eoraip Chruthaitheach faoi láthair agus go raibh tuilleadh oibre le déanamh chun léiritheoirí Gaeltachta a chur ar an eolas faoin maoiniú atá ar fáil uathu. Dúradh go raibh comhdháil faoi chláracha fíorasacha acu i nGaillimh an tseachtain seo caite.

*5.2.3 Babhtaí Oscailte Coimisiúnaithe*: Dúradh go raibh Babhta Oscailte Coimisiúnaithe do 2026 fógartha anois le spriocdháta roimh Nollaig agus go raibh na rátaí nua don chostas in aghaidh na huaire do chláracha atá maoinithe go hiomlán ag TG4 san áireamh sa bhabhta seo.

5.2.4 *Fís & Fuaim:* Déanadh tagairt do bhabhta 58 Fís agus Fuaim Choimisiún na Meán a bhfuil iarratais á lorg dó faoi láthair.

5.2.5 *Ócáidí TG4*: Luadh ócáid d'Fhoirne Chraobhacha Sóisear agus Idirmheánach Pheil na mBan a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh le déanaí. Dúradh go mbeadh ócáid eile Réaltaí Pheil na mBan ar siúl an 15 Samhain i mBaile Átha Cliath agus go mbeadh gach rath á ghuí ar Phríomhfheidhmeannach Pheil na mBan, Helen O'Rourke, a bheidh ag éirí as ag deireadh na bliana.

Dúradh go mbeadh ócáid speisialta á heagrú ag Fís Éireann chun buíochas a ghlacadh leis an Uachtarán Ó hUiginn i mBaile Átha Cliath ag tús mhí na Samhna, mar a mbeadh an scannán BÁITE á thaispeáint.

Docusign Envelope ID: 41141784-549A-4945-BF8C-E23576025FCA

**5.3 Acmhainní Daonna, An Teicneolaíocht, Conarthaí, Cúrsaí Dlí agus Cúrsaí Foirne**

*5.3.1* Meabhraíodh go raibh an post Stiúrthóir Ábhair fógartha agus gurb é an 14 Samhain an spriocdháta le haghaidh iarratas. Dúradh go raibh post an Bhainisteora TF líonta agus go mbeadh an duine nua ag tosú i mí Eanáir.

Luadh go mbeadh an t-atheagar foirne ag tarlú idir seo agus deireadh Márta agus go raibh cruinnithe ar siúl leis na stiúrthóirí agus leis na foirne éagsúla chun na hathruithe a phlé. Dúradh go mbeadh na poist Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí agus an post Ceannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha le fógairt go luath.

5.3.2 *SIPTU:* Dúradh go bhfuil cruinniú socraithe le SIPTU le haghaidh lár mhí na Samhna. Tugadh le fios gur aon trian den fhoireann atá ina mbaill de SIPTU.

5.4 **Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ardbhainistíochta ar an mBord.

5.5 **Plé**

Moladh go gcuirfí grád pá phost an Cheannaire Nuachta ag leibhéal a mheallfadh duine sinsearach. Míníodh go raibh an post ar ghrád 2.

Pléadh athbhreithniú ar scálaí pá TG4 agus dúradh go raibh tairiscint á lorg ó chomhlachtaí chun tabhairt faoin obair sin i dtús na bliana nua.

Fiosraíodh an Scéim Pinsin Master Trust, agus míníodh, cé go raibh sé i gceist ag TG4 athrú go dtí an scéim sin, go rabhthas fós ag fanacht ar cheadú rialtais/DEPR. Dúradh nach raibh pinsean na bhfostaithe i mbaol ach go raibh gá brú a chur leis an gceadú chun an t-athrú a dhéanamh.

Déanadh tagairt d’fhorbairtí atá ag teacht chun cinn ó thaobh Aistriúcháin Gaeilge agus uirlisí AI, ag macasamhail Abair.ie, DCU agus eile. Dúradh go mbeadh tionchar mór ag an dul chun cinn seo ar na fotheidil agus go mbeadh deis ann fotheidil a chur ar chraoltaí beo amach anseo.

Docusign Envelope ID: 41141784-549A-4945-BF8C-E23576025FCA

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Comhghairdeas:* Thréaslaigh an Cathaoirleach le lucht na gclár uile a ainmníodh ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais, agus go mór mór leo siúd a bhain Gradaim amach ar an oíche.

6.2 *Cruinniú le SPI:* Dúirt an Cathaoirleach go raibh cruinniú fiúntach le SPI.

6.3 *Comhdháil AI:* Luaigh an Cathaoirleach an tairbhe a bhain leis an chomhdháil AI a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta agus go raibh sé suimiúil léargas a fháil ar cheisteanna AI i réimse na Gaeilge.

6.4 *Litreacha*: Thagair an Cathaoirleach do litir a seoladh chuig Cathaoirleach RTÉ maidir le ceist na Nuachta.

Dúradh go seolfadh an Cathaoirleach litir thar ceann an bhoird ag teaghlach Mhancháin Magan, láithreoir a raibh ceangal aige le TG4 ó thús an chainéil, le comhbhrón a dhéanamh leo.

Dúradh go seolfaí litir chomhghairdis chuig an Uachtarán Nuathofa, Catherine Connolly

6.5 *Comhaltaí nua Boird*: Táthar ag súil go mbeidh na folúntais Bhoird á bhfógairt i lár mhí na Samhna agus go mbeidh na ceapacháin déanta faoi lár mhí Eanáir.

6.6 *Tuarascáil SPRC*: Dheimhnigh an Cathaoirleach go mbeidh na moltaí ag éirí as Tuarascáil SPRC le plé ag an Choiste Luach Saothair ag a gcruinniú i mí na Samhna.

6.7 *Toghchán na hUachtaránachta*: Thagair an Cathaoirleach do chomhfhreagras a fuarthas faoi nach raibh Díospóireacht na nIarrthóirí le craoladh ar TG4. Míníodh gur phlé foireann eagarthóireachta TG4 agus Coimisiún na Meán na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le díospóireacht agus gur cinneadh gan dul chun cinn leis. Dúradh go bhféadfaí breathnú ar an cheist arís don chéad toghchán eile ag brath ar chumas Gaeilge na n-iarrthóirí.

6.8 *Lá Straitéise*: Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na comhaltaí a thug moltaí maidir le leagan amach an Lae Straitéise agus dúirt go gcuirfeadh sí fáilte roimh aon mholtaí eile as seo go deireadh na míosa. Moladh go ndéanfaí an Lá Straitéise a threorú bunaithe ar mhúnla Choimisiún na Meán agus ar an tréimhse 2028 – 2030 mar a bhí beartaithe leis na ASPCanna.

*Gníomh:*
*Comhaltaí chun moltaí faoin lá straitéise a chur chuig an Chathaoirleach.*
*Cathaoirleach chun litir chomhghairdis a chur chuig an Uachtarán.*

**7. Cuntais Mhí Mheán Fómhair 2025**

Rinne an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar chuntais TG4 do mhí Mheán Fómhair agus ar na réamh-mheastacháin go deireadh na bliana.
Tugadh léargas ar Chaiteachas, ar Ioncam Tráchtála, ar Chuntais Bhainc, ar Fhiachóirí, ar Fhabhruithe agus Costais Chaipitil.

*Gníomh: Glacadh leis na cuntais.*

**8. Tuairisc Lucht Féachana**

Rinne an Stiúrthóir Margaíochta cur síos ar chúrsaí Lucht Féachana le haghaidh mhí Mheán Fómhair. 1.8% an sciar a bhí ag TG4 le linn na míosa. Bhí géarchomórtas ann ó chainéil eile leis na Traitors, Rugbaí agus eile.

D'éirigh go maith le cláir mar 'Iománaíocht Hollywood' agus 'Ceol ón gCré' agus bhí ráchairt ar 'Fios Físe', 'Bailte', 'Glúin Z' agus 'Éire agus na Chéad Náisiúin'. Bhí tús maith leis an tsraith 'Ó Mhuir go Tír' ag tús Dheireadh Fómhair. Ar an Seinnteoir, bhí an 'Electric Picnic', 'Ros na Rún' agus 'Éire agus na Chéad Náisiúin' i measc na gclár ba mhó lucht féachana. D'éirigh go maith leis an tsraith 'Cúrsaí an Chontae' ar Foghlaim TG4.

Roinneadh eolas leis na comhaltaí boird maidir le cláir TG4 sa bPríomh-Am Féachana.

Luadh go raibh tairiscint le heisiúint ag TAM Ireland chun seirbhís tomhais lucht féachana a sholáthar don chéad tréimhse eile.

*Gníomh: Eolas faoin bPríomh-Am Féachana le cur ar fáil don chéad chruinniú eile.*

Docusign Envelope ID: 41141784-549A-4945-BF8C-E23576025FCA

## 9. Tuairisc ó Fhochoistí Boird

### 9.1 Cruinniú an Choiste Branda 15/10.

Thug Cathaoirleach an Choiste Branda tuairisc ar chruinniú 15/10.
Déanadh cur síos ar na Tosaíochtaí Margaíochta do 2025. Pléadh múnla an Tonnadóra Margaíochta agus an áit a dtagann na gníomhaíochtaí margaíochta atá ar bun ag TG4 isteach faoi sin. Tugadh léargas freisin ar na hócáidí margaíochta a tharla le linn an Fhómhair.

Dúradh go raibh obair idir lámha ar Straitéis Mhargaíochta do 2026. Déanadh tagairt don taighde Lucht Féachana a bhí ar bun ag an gcomhlacht Bricolage agus an cur chuige le haghaidh feachtais Mhargaíochta 2026 a bhí á réiteach ag The Tenth Man. Dúradh go mbeadh tábhacht le daingniú Bhranda TG4 in 2026 agus TG4 30 bliain ar an bhfód.

### 9.2 Cruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR).

Thug Cathaoirleach an CIR tuairisc ar chruinniú 23/09.
Déanadh tagairt don chruinniú dearfach a bhí ag an gCoiste le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) agus an litir bhainistíochta a eisíodh ón ARCC.

Luadh cruinniú leis na hiniúchóirí inmheánacha. Tugadh tuairisc ar an Chreat Pholasaí agus tugadh léargas ar chaighdeáin nua dhomhanda iniúchóireachta. Aontaíodh féachaint siar ar mholtaí iniúchóireachta le 2/3 bliana anuas lena dheimhniú go raibh siad curtha i bhfeidhm.

Dúradh gur thug an tArd-Stiúrthóir tuairisc chuimsitheach don CIR maidir le córas ollsoláthair. Iarradh sonraí breise ar an leagan amach tíreolaíochta atá ar chaiteachas clár.

Dúradh gur thug an Stiúrthóir Teicneolaíochta uasdátú ar chúrsaí teicneolaíochta agus iarradh sonraí breise maidir le cibearshlándáil. Pléadh cáipéis maidir le AI agus moladh polasaí foirmiúil a dhréachtú.

## 10.Tuairisc GESG

Chuir an Stiúrthóir Oibríochtaí agus Acmhainní Daonna tuairisc i láthair maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta in TG4. Dúradh go raibh grúpaí tras-rannóige gníomhach ag díriú ar réimsí éagsúla den straitéis GESG. Dúradh

Docusign Envelope ID: 41141784-549A-4945-BF8C-E23576025FCA

go raibh an Grúpa Gaeilge ag díriú ar labhairt agus saibhriú na Gaeilge a spreagadh i measc na foirne. Tá an Coiste Glas ag díriú ar fhorbairtí mar phainéil ghréine, polathollláin, feasacht fuinnimh agus clár ALBERT. Tá an Coiste Sláinte agus Folláine ag cur dea-chleachtais chun cinn san ionad oibre; agus tá an Fóram Seaimpíní ag díriú ar Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú. Dúradh go raibh an Coiste Rialachais ag díriú ar dhea-chleachtais rialachais in TG4.

**11.Riarachán Boird**

Tugadh eolas faoi imeachtaí agus craoladh TG4 le linn an Oireachtais.

**12.Síniú ar Litir Bhainc**

Shínigh an Cathaoirleach litir Bhainc.

**13 Conradh 200k – 500k**

Nótáladh conarthaí idir 200k agus 500k.

*Gníomh: le nótáil*

**14 Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile.

**15 Ceadú Conartha**

D'fhág na Comhaltaí Boird Sonia Nic Giolla Easbuig agus Darach ó Tuairisg an cruinniú don mhír seo.

Nótáladh conradh ollsoláthair.
Nótáladh conradh chun sraith shiamsaíochta 'Na Dílse' a léiriú

*Gníomh: le nótáil*

17. **Léargas: Cruinniú le Bord Chiste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann.**

Bhí Áine Walsh (Ceannasaí); Doireann Nic Dhomhnaill (Bainisteoir) agus James Jamison Mac Lochlainn (oifigeach) i láthair don mhír seo.

Rinne Ceannasaí Chiste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann cur i láthair don Bhord ar obair an Chiste Craoltóireachta. Thug sí

Docusign Envelope ID: 41141784-549A-4945-BF8C-E23576025FCA

léargas ar choimisiúnú, ar fhorbairt earnála agus ar na scéimeanna oiliúna a bhíonn idir lámha acu.

Thréaslaigh an Bord leo an Gradam Oireachtais a bronnadh orthu as bheith 20 bliain ar an bhfód agus moladh an chomhpháirtíocht atá idir ILBF agus TG4. Tugadh aitheantas ar leith don obair atá ar bun ag an gCiste chun oiliúint agus tallann nua a thabhairt chun cinn.

18. **Cruinniú Chomhairle an Lucht Féachana**

Bhí cruinniú ag an gCathaoirleach agus Comhaltaí Boird leis an Chomhairle Lucht Féachana.

**Críoch**

***Síniú*** DocuSigned by: Anna Ní Ghallachair
1915C3940044407...

***Dáta*** 16-Feb-26 | 2:45 PM GMT